



Cód Reachtanna na Sualainne

An Gníomh lena leasaítear an Gníomh Cánach um Thrácht ar Bhóithre (2006:227)

SFS 2024:1134

Foilsithe ar 3 Nollaig 2024

Arna eisiúint an 28 Samhain 2024

Ar chinneadh an Riksdag¹, leagtar síos² go léifear Caibidil 2, Ranna 9a agus 13 den Ghníomh Cánach um Thrácht ar Bhóithre (2006:227) mar a leanas.

Caibidil 2

Roinn 9 a³ I gcás gluaisteáin phaisinéirí aicme I, busanna éadroma agus trucaílí éadroma na bliana feithicle 2018 nó níos déanaí a thagann chun bheith inchánach den chéad uair an 1 Meitheamh 2022 nó níos déanaí, in ionad fhorálacha Roinn 9 maidir leis an méid dé-ocsaíde carbóin, beidh feidhm ag an dara mír le linn na chéad trí bliana ón dáta a thagann an fheithicil chun bheith inchánach den chéad uair.

Is ionann an méid dé-ocsaíde carbóin le haghaidh bliain chánach agus suim na méideanna seo a leanas:

–

SEK 107 in aghaidh gach graim de dhé-ocsaíd charbóin a astaíonn an fheithicil le linn tiomána tuaithe/uirbigh in aghaidh an chiliméadair ar mó é ná 75 gram ach nach mó é ná 125 gram, agus
– SEK 132 in aghaidh gach graim de dhé-ocsaíd charbóin a astaíonn an fheithicil le linn tiomána tuaithe/uirbigh in aghaidh an chiliméadair os cionn 125 gram.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad mhír maidir le feithiclí atá feistithe le teicneolaíocht chun oibriú ar ghás, go hiomlán nó go páirteach, seachas GPL.

Roinn 13⁴ Mura bhfuil feithicil incháinite ach do chuid de bhliain chánach nó de thréimhse chánach, gearrtar cáin feithicle don thréimhse ina bhfuil an fheithicil incháinite. Mar sin féin, má tá dliteanas cánach ann do chuid de mhí féilire, gearrtar cáin don mhí iomlán, mura bhforáiltear a mhalairt sa dara mír.

I gcás feithiclí arb ionann an cháin feithicle ina leith agus SEK 4 800 ar a laghad do bhliain chánach iomlán, gearrtar cáin in aghaidh an lae don mhí ina n-eascraíonn an dliteanas cánach don fheithicil den chéad uair nó ina gcuirtear deireadh leis an dliteanas cánach ar chúiseanna seachas fógra easbhóthair. Má tugadh fógra easbhóthair d'fheithicil den sórt sin agus má

¹ Bille Rialtais 2024/25:1, idir. 2024/25:FiU1, rskr. 2024/25:49.

² Féach Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise.

³ An fhoclaíocht is déanaí 2022:349.

⁴ An fhoclaíocht is déanaí 2020:1063.

mhair an tréimhse easbhóthair 15 lá ar a laghad nó má aistríodh an fheithicil chuig úinéir nua i rith na tréimhse easbhóthair, gearrtar cáin ar gach lá den mhí inar thosaigh nó inar chríochnaigh an tréimhse easbhóthair.

I gcás míosa féilire, is ionann an cháin feithicle agus aon dóú cuid déag, agus i gcás lae, 1/360 den cháin i leith bliana iomláine.

1. Tiocfaidh an Gníomh seo i bhfeidhm an 1 Feabhra 2025.

2. Maidir le cáin feithicle a bhaineann le tréimhse roimh an teacht i bhfeidhm, tá feidhm ag Caibidil 2, Roinn 9a, an chéad mhír, den seanleagan.

3. Maidir le feithiclí a tháinig chun bheith inchánach den chéad uair roimh an teacht i bhfeidhm, tá feidhm ag Caibidil 2, Roinn 9a, an tríú mír, den seanleagan.

4. Agus cáin feithicle á cinneadh le haghaidh feithiclí arna soláthar le fógra easbhóthair roimh theacht i bhfeidhm, tá feidhm ag Caibidil 2, Roinn 13, den seanleagan.

Thar ceann an Rialtais

ELISABETH SVANTESSON

Roger Ghiselli
(Aireacht Airgeadais na Sualainne)